









Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh
agus na nEolaíochtaí Sóisialta

# MÁISTREACHT SA GHAEILGE AGUS I NDLÍ NA hEORPA

UCC


Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland











# MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa

**Tá an MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa dírithe ar chéimithe sa dlí, nó ar dhaoine a bhfuil cáilíochtaí eile acu sa dlí, a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu agus ar mhian leo an caighdeán sin a ardú.**

Chomh maith le modúil láir sa Ghaeilge agus sa Dlí, beidh deis ag mic léinn tabhairt faoi mhodúil roghnacha i nDlí na hEorpa agus i dteangacha eile de chuid na hEorpa, chomh maith le dianchúrsa Gaeltachta.

## Tabharfaidh mic léinn faoi mhodúil as an liosta seo a leanas:

| | |
|---|---|
| GA2001 | **Úsáid agus Cruinneas na Gaeilge** |
| GA3001 | **Úsáid agus Cruinneas na Gaeilge** |
| GA6001 | **Scríobh Acadúil na Gaeilge** |
| GA6002 | **Beirt Bhanfhile: Nuala Ní Dhomhnaill agus Biddy Jenkinson** |
| GA6006 | **Saothar Mháirtín Uí Chadhain** |
| GA6020 | **Advanced Translation Skills (Irish)** |
| GA6027 | **Ardchúrsa Cónaitheach sa Ghaeilge** |
| GA6028 | **Tionscnamh Taighde sa Dlí agus sa Ghaeilge** |
| LW6589 | **Contemporary Issues in EU Competition Policy** |
| LW6536 | **Intellectual Property Law** |
| LW6541 | **Electronic Commerce Law** |
| LW6574 | **Intellectual Property and Internet Regulation** |
| LW6578 | **Consumer Rights: Law and Policy** |
| LW6580 | **Environmental Law in Practice** |
| LW6581 | **Method in Environmental Law** |
| LW6584 | **International Refugee Law** |
| LW6585 | **Migration Law and Human Rights** |
| LW6605 | **European Corporate Restructuring, Insolvency and Rescue** |
| FR5005 | **Methodology of Simultaneous and Consecutive Interpreting and of Terminology** |
| GE6014 | **German-English-German Translation: Methods and Practice** |
| HS6006 | **Advanced Spanish Language for Professional Purposes** |
| IT6101 | **Translation: Methods and Practice** |

# An Ghaeilge agus Dlí na hEorpa

Ag eascairt as rialachán a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh (Rialachán ón gComhairle 2015/2264), tiocfaidh méadú ar líon na foirne Gaeilge sna hInstitiúidí Eorpacha as seo go dtí tús na bliana 2022, tráth a bheidh an fhoireann Ghaeilge ar aon mhéid le foirne na dteangacha oifigiúla eile. Cuirfidh an MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa ar chumas an mhic léinn post a lorg mar dhlítheangeolaí nó mar aistritheoir in Institiúidí an Aontais Eorpaigh.









## Mar gheall ar an MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa

Glacfar le hiarrthóirí a bhfuil Bunchéim sa Dlí acu (nó céim a raibh líon substaintiúil modúl Dlí ag baint léi) agus a bhain grád 2.1 amach sa chéim sin. Glacfar le hiarratais ó dhaoine a bhfuil Bunchéim sa Dlí le grád 2.2 acu ach dul faoi agallamh agus/nó faoi mheasúnú breise. Glacfar freisin le hiarratais ó dhaoine a bhfuil cáilíocht mar abhcóide nó mar dhlíodóir/aturnae bainte amach acu in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.

Ní gá d'iarrthóirí Céim sa Ghaeilge a bheith acu ach ní mór dóibh caighdeán maith Gaeilge a bheith acu (e.g. grád 'A' san Ardteistiméireacht nó leibhéal 'B2', Teastas Eorpach na Gaeilge). D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarrthóirí agallamh a dhéanamh le baill de Roinn na Nua-Ghaeilge nó dul faoi mheasúnú sula dtabharfaí áit dóibh ar an gcúrsa.












Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

**Dr Síle Ní Mhurchú**
Ríomhphost: s.nimhurchu@ucc.ie

Nó féach ar an leathanach:
**www.ucc.ie/en/ckd49/**

Déantar iarratais ar líne ag:
**www.pac.ie/ucc**





